



An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022  
(OR. en)

9757/22

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2022/0128(NLE)

---

---

SCH-EVAL 77  
VISA 97  
COMIX 294

### NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

---

Ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	9755/22
Ábhar:	Dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh i meastóireacht 2021 ar an gCipir maidir le cur i bhfeidhm <i>acquis</i> Schengen i réimse an <b>chomhbheartais víosaí</b>

---

1. Tar éis don Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 a ghlacadh lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ar an gCipir in 2021 d'fhonn na coinníollacha is gá a chomhlíonadh i dtaca le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí.
2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh le linn na meastóireachta agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an Chipir na coinníollacha uile is gá i dtaca leis na rialacha Schengen a bhaineann leis an gcomhbheartas víosaí a chur i bhfeidhm.

3. D'fhormheas an Mheitheal um Ábhair Schengen, lena n-áirítear comhpháirtithe an Choiste Mheasctha, eadhon, an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin, an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh an 1 Meitheamh 2022.
4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle, mar a leagtar amach in 9755/22 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---